# Seo, Siúd agus Uile



Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

# Seo, Siúd agus Uile

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

ISBN 978-1-85791-687-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Aongus Ó Coileáin, Dómhnal Ó Bric, Peter Donnelly, Steve Simpson, The Cartoon Saloon

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | |
|---|---|
| Ispín | 5 |
| An Tíogar | 6 |
| I lár na hOíche | 8 |
| Luimneach 1 | 10 |
| Luimneach 2 | 11 |
| Eilifint ar an Trá | 12 |
| Ní féidir liom dán a scríobh | 14 |
| Dialann | 16 |
| Obair Bhaile | 19 |
| An Príomhoide | 20 |
| Gráinne an Ghráinneog Óg | 22 |
| Rudaí a chuireann isteach orm ... | 24 |
| Meitheamh | 26 |

# Ispín

*Áine Ní Ghlinn*

Is ispín blasta milis mé
I mo luí anseo sa fhriochtán
Tá a fhios agam
Go bhfuil tú chun mé a ithe –
Ach cén dochar!
Mairfidh mé go deo anseo sa dán!







# An Tíogar

*Máire Ní Ghallchobhair*

Fan go gcloisfidh tú, a mhúinteoir,
Céard a tharla dom inné.
Ar mo bhealach dom abhaile,
D'ionsaigh tíogar ollmhór mé!

Bhí droch-aoibh air, a mhúinteoir,
Bhí sé sin ríshoiléir.
Stróic sé mo chuid éadaigh
Agus chaith sé mé san aer.





Bhí ocras air, a mhúinteoir,
Bhí sé amuigh ag lorg lóin.
Bhain sé plaic mhór as mo ghualainn,
Agus plaic eile as mo thóin!



Ansin ligh sé a bheola agus
Rug sé ar mo chluas.
Ach bhuail mé sa chloigeann é
Agus d’imigh liom ar luas!

Ná bí buartha fúm, a mhúinteoir,
Táim ceart go leor arís.
Ach táim clúdaithe le bindealáin,
Is ní féidir liom suí síos.



Níl m’obair bhaile déanta,
Ná bí crosta, le do thoil.
Ach ní fhéadfainn í a dhéanamh,
Mar bhí mé clúdaithe le fuil!





# I Lár na hOíche

*Áine Ní Ghlinn*

Dúisím i lár na hoíche,
Mo chroí istigh ag preabadh.
Cén glór é sin thíos fúm?
É i bhfolach faoi mo leaba?

Glór uaigneach is brónach,
Mar a bheadh ainmhí ag caoineadh.
Glór a deir *Cabhair! Cabhair!*
*Thuas ansin tá daoine!*





Bhí Seán ina naomh proifisiúnta,
'Airgead lofa!' ar sé go sollúnta,
Ach lá amháin, áfach,
Stop sé de bheith cráifeach
Nuair a bhuaigh sé an crannchur
náisiúnta!

*Seán Breathnach*





An mó líne i luimneach, ní fheadar,
'Ó, cúig, gan amhras,' a deir Peadar.
'Fan ort,' a deir Pól,
Is é ag éirí ón stól.
Níl i líne a trí is a ceathair ach smeadar.

*Seán Breathnach*



# Eilifint ar an Trá

*Máire Ní Ghallchobhair*



Eilifint
Ar an trá,
Ag caitheamh a bicíní.
Rinne sí
Rince beag,
Ar a barraicíní.

‘Stop!’ a bhéic an
Portán beag
‘Seachain mo chrúibíní!’
Och! Ochón!
An créatúr bocht,
Ina smidiríní!











# Ní féidir liom dán a scríobh

*Áine Ní Ghlinn*

Tá tuirse orm!
Níl aon dúch i mo pheann!
Chaill mé mo pheann luaidhe!
Tá pian i mo cheann!

Táim leath i mo chodladh!
Níl aon smaointe agam!
Níl aon duine sásta
Cabhrú liom!

Seo cúis eile
Nach féidir liom scríobh –
Níor scríobh mé dán
Choíche ná riamh!











Chaill mé mo mhála scoile!
Bhí mo Dhaidí san ospidéal!
Chuaigh mo Mhamó as a meabhair!
D'imigh an cat le mo pheann luaidhe
ina bhéal!



Tá trí mhíle leithscéal
Eile agam!
Cé mhéad atá uait?
Le do thoil, a mhúinteoir … lig dom!







# Dialann

*Seán Mac Dhonnagáin*

Dé Luain –
Tá pian i mo bholg
Tá tinneas cinn orm
Níl mé ag iarraidh dul ar scoil
Cad a dhéanfaidh siad inniu?


Dé Máirt –
Chaith siad mo lón síos an leithreas
Bhuail siad san aghaidh mé
Dúirt mé le Daid gur thit mé
Cén fáth nach ligeann siad dom?



Dé Céadaoin –
D'ith mé mo lón sa leithreas inniu
Ceapairí salámaí – na cinn is fearr liom
Nuair a tháinig mé amach
Bhí siad ansin – ag fanacht orm

Déardaoin –
Sheas mé i gcúinne an chlóis
I m'aonar – i gcónaí i m'aonar
Cén fáth a bpiocann siad ormsa?
Ní mise an t-aon duine nár rugadh anseo

Dé hAoine –
Lá amháin eile
Sin an méid
Ní ghéillfidh mé do na deora
Ní go dtí anocht is mé liom féin



Dé Sathairn –
Saoirse
Táim saor uathu
Ní gá dom a bheith buartha
Dhá lá iomlán saor

Dé Domhnaigh –
Imíonn an t-am róthapa
An ndéanfaidh mé rith?
An rachaidh mé i bhfolach?
Cad a dhéanfaidh siad amárach?



# Obair Bhaile

*Juanne Nic Giollarnáith*



– Ach, a mhúinteoir, tá m'obair
bhaile sa bhaile …

– Sa bhaile!

– Is ea.

– Ó, sa bhaile – áit ar cheart di
a bheith.
An ea?

– Is ea. Tá m'obair BHAILE sa
BHAILE!!!









# An Príomhoide

*Máire Ní Ghallchobhair*



Ag déanamh scrúdú litrithe,
A bhíomar inné.
Isteach leis an bpríomhoide,
'Tá scéal agam,' ar sé.

'Bíonn litriú an-leadránach,
Bíonn stair níos measa fós.
B'fhearr daoibh sos a ghlacadh,
Agus dul amach sa chlós.'





'Tógaigí go bog é.
Dúnaigí bhur leabhair.'
Cheap an rang ar fad go raibh
An fear bocht as a mheabhair!







‘Oibríonn sibh i bhfad ródhian,
Táimse lándáiríre.
Ní gá daoibh teacht ar scoil gach lá.
Imígí ar saoire!’

‘Nílim sásta le bhur múinteoir.
Bíonn sí do bhur gcrá,
Ag gearán is ag tabhairt amach,
A bhíonn sí gach aon lá.’

‘Imeoidh mé,’ ar seisean,
‘Lá maith agaibh. Slán.’
Ansin, is é ag imeacht,
Bhéic sé ‘AMADÁIN AIBREÁIN!’







# Gráinne an Ghráinneog Óg

*Cathal Ó Manacháin*

‘A Ghráinne, a chroí, éirigh i do shuí,’
A dúirt a Mamaí léi.
‘Tá cúpla péist talún ag teastáil uaim
Le go ndéanfaidh mé bricfeasta dúinn.’



D'imigh Gráinne amach is nuair a d'fhág
sí an teach
Chonaic sí péist faoi chloch.
Ach bhí sí chomh hocrach gur ith sí
an chuiteog,
Gráinne an Ghráinneog Óg.




Casadh Proinséas an francach uirthi sa tslí
Agus d'iarr sí cuidiú uaithi.
Ach nuair a chonaic sí péist eile a bhí
ramhar agus bog
Ghoid an francach í ó Ghráinne an
Ghráinneog Óg.



# Rudaí a chuireann isteach orm …

*Áine Ní Ghlinn*

Nuair a itheann mo dheartháirín
briosca istigh i mo leabasa
Nuair a fhágann sé a ghuma coganta
faoi mo philiúr
Nuair a cheapann mo Dhaid gur mise
a rinne é
Nuair a luann mo Mham
an folúsghlantóir



Nuair a chloisim mo dheartháirín
ag sciotaráil gáire
Nuair a bhéiceann go raibh an buille
níos láidre ná mar a bhí
Nuair a deir mo Dhaid liom dul
a chodladh gan aon suipéar
Sin é an uair go mbíonn fonn orm mo
dheartháir beag a chaitheamh ó dhíon
an tí!





# Meitheamh

*Treasa Ní Nioclás*

An ghrian ag taitneamh go hard sa spéir,
Feirmeoirí ag obair ag sábháil an fhéir.

Gliondar ar pháistí - deireadh le scoil,
Picnicí ar an trá is seal ag campáil.






Féileacáin ildaite ag eitilt san aer,
Éin bheaga ag eitilt ó chraobh go craobh.

Nóiníní geala ag fás i ngach páirc,
Ainmhithe beoga, gairdíní faoi bhláth.

Cluichí, spraoi is spórt,
Beacha is mil,
Tá an samhradh buailte linn.





R3

An Gúm

ISBN 978-1-85791-687-4

9 781857 916874